Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7258/23**

**FIN 300**
**RECH 81**
**CMPT 8**
**COH 27**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6558/23 FIN 230 RECH 50 CMPT 7 COH 22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill' <br>– Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 7/3/23) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill', a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3935ú cruinniú dá cuid a tionóladh an 7 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

– Rannchuidiú Fís 2020 le bearta arb é is aidhm dóibh an deighilt taighde agus nuálaíochta (T&N) laistigh den Aontas a dhúnadh trí shineirgí le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEnna) a chur chun cinn;

– Rialachán na bhForálacha Coiteanna[1], ina leagtar béim ar an ngá atá le comhordú, sineirgí agus comhlántachtaí a neartú idir CSIEnna agus Fís 2020;

– na Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2017 'Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime'[2], ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le sineirgí agus comhlántachtaí feabhsaithe idir an Clár Réime agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais;

– na Conclúidí uaithi maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a glacadh an 13 Deireadh Fómhair 2022[3], ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le sineirgí idir Cláir an Aontais agus na leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha;

---

1 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706).

2 15320/17.

3 13426/22.

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill'[4] lena gcomhlánaítear Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó CIE maidir leis na bearta chun rannpháirtíocht in Fís 2020 a leathnú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún ar Thuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022[5]; AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar easnaimh i rialacha agus i rialacháin, trí roinnt coigeartuithe a mholadh chun iad a ailíniú sna rialacháin ábhartha don tréimhse 2021-2027; MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint dá chuid oibre maidir le tuilleadh simplithe agus ailínithe i gcur chun feidhme idir na cláir réime T&N agus cistí an bheartais comhtháthaithe (a thiocfaidh i gcomharbas ar CSIEnna) chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den obair chun soiléireacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú do chomhlachtaí cur chun feidhme i gcomhthéacs sineirgí a bheidh ann amach anseo;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh chun feabhas a chur ar an gcomhar idir comhlachtaí a bhfuil baint acu le bainistiú CSIEnna agus na gcreatchlár T&N, go háirithe idir na húdaráis bhainistíochta ábhartha, na comhlachtaí idirmheánacha a chuireann na cláir chun feidhme faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus na gníomhaireachtaí poiblí cistiúcháin náisiúnta agus réigiúnacha; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin idirphlé struchtúrtha rialta a chur ar bun, lena n-áirítear trí fhoghrúpa Fhóram an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) maidir le feabhas a chur ar rochtain ar bharr feabhais ar fud an Aontais (Gníomhaíocht LET 16), lena dtabharfar le chéile na comhlachtaí ábhartha ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó gheallsealbhóirí ar leibhéal ceaptha agus cur chun feidhme beartais (cistí beartais comhtháthaithe, go háirithe CFRE, agus Fís Eorpach), agus iad ag obair leis na Ballstáit chun comhar den sórt sin a chothú ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach;

---

4 IO C 442, 22.11.2022, lch. 2. Is féidir breathnú ar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=62446.

5 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECAReplies/COM-Replies-SR-22-23/COM-Replies-SR-22-23_GA.pdf.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá sonraí faoi thionscadail agus tairbhithe a bheith ar fáil chun sineirgí a chothú; TACAÍONN SÍ leis an moladh don Choimisiún feabhas a chur ar infhaighteacht den sórt sin; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na húdaráis ábhartha sna Ballstáit faisnéis ábhartha a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le tairbhithe Fís Eorpach agus chistiú an bheartais comhtháthaithe, chomh maith le samplaí de shineirgí idir an dá cheann acu; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cruthú, cur chun cinn agus faireachán sineirgí a éascú, trí leas breise a bhaint as bunachair sonraí idir-inoibritheacha don chlár réime agus do chistí an bheartais comhtháthaithe chun meaitseáil níos éasca a éascú idir tionscadail agus tairbhithe; agus MOLANN SÍ don Choimisiún samplaí den dea-chleachtas a shainaithint agus a chur chun cinn agus uirlisí atá ann cheana a úsáid, mar shampla, a uirlis mianadóireachta téacsanna CORTEX nó 'Comhphobal Cleachtais an tSéala Barr Feabhais', agus raon feidhme an Choimisiúin á leathnú chuig na réimsí agus na huirlisí féideartha uile le haghaidh sineirgí idir Fís Eorpach agus CFRE, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear astu i gcomhpháirtíochtaí Eorpacha;

4. Is DÍOL SÁSAIMH DI an moladh go méadófaí an úsáid a bhaintear as sineirgí iartheachtacha agus an tábhacht a bhaineann le sineirgí réamhtheachtacha á meabhrú ag an am céanna; CUIREAN SÍ I dTREIS go bhféadfaí rannchuidiú le haistriú torthaí taighde chuig an ngeilleagar trí chistiú seicheamhach iartheachtach a úsáid; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na húdaráis bhainistíochta gníomhaíochtaí a cheapadh agus a chur chun feidhme chun sineirgí iartheachtacha a chruthú le tionscadail Fís 2020 agus Fís Eorpach, agus chun soláthar poiblí a chur chun cinn le haghaidh nuálaíochta bunaithe ar thorthaí tionscadal taighde;

5. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit sineirgí a áireamh sa phleanáil straitéiseach, sa chlársceidealú agus sa chur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, mar shampla i straitéisí um speisialtóireacht chliste, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-infheistíochtaí in earnáil T&N na hEorpa agus spriocanna agus saintréithe sonracha ionstraimí agus cistí éagsúla an Aontais á n-urramú ag an am céanna; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le sioncrónú níos fearr a dhéanamh ar amlínte pleanála agus cur chun feidhme chláir ábhartha an Aontais; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé sineirgí a chruthú agus a chur chun feidhme trí dhearcadh na n-úsáideoirí, mar shampla, maidir le rialacha a chóineasú, tréimhsí feidhme, córais cuntasachta, nósanna imeachta agus ualach cur chun feidhme chistí agus ionstraimí an Aontais a laghdú;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise faoi thionscadail a bhfuil an Séala Barr Feabhais faighte acu; IARRANN SÍ AR an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme an tSéala Barr Feabhais agus úsáid níos leithne a bhaint as, sonraí maidir le tograí tionscadail a fuair an Séala Barr Feabhais ina mBallstát nó ina réigiún a chur ar fáil go rialta agus go tráthúil do na húdaráis bhainistíochta ábhartha uile agus do na Pointí Teagmhála Náisiúnta ábhartha uile, agus comhroinnt dea-chleachtas a spreagadh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh CIE maidir leis an easpa catagóirithe choitinn (tacsanomaíocht) i ndáil le tosaíochtaí Fís 2020 agus straitéisí um speisialtóireacht chliste, agus ar an bhfíoras nach raibh sonraí CSIE arna dtaifeadadh ag na húdaráis bhainistíochta caighdeánaithe go hiomlán, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, nuair is iomchuí;

7. MEASANN SÍ nár cheart do shaothrú na sineirgí idir cistí, amhail úsáid an tSéala Barr Feabhais, cur isteach ar mheastóireacht na dtograí faoin gclár Fís Eorpach, agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar na tionchair neamh-inmhianaithe a d'fhéadfadh a bheith ag sineirgí agus bearta réamhchúraim a dhéanamh más gá;

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, *inter alia*, na prionsabail agus na treoirlínte a leagtar amach i nDearbhú Phrág maidir le Sineirgí sa Chistiú Taighde agus Nuálaíochta san Eoraip an 8 Iúil 2022[6]; MEABHRAÍTEAR DI an Fógra ón gCoimisiún maidir le sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir CFRE[7]; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as an bhFógra mar shampla a d'fhéadfaí a leanúint le haghaidh cistí eile agus chun é a chomhlánú le samplaí atá le teacht maidir leis an gcaoi a gcuirtear na sineirgí i gcleachtas go nithiúil;

---

6 https://synergies2022.eu/

7 FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN Sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir CFRE, IO C 421, 4.11.2022, lch. 3.

9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sineirgí ábhartha do na Ballstáit uile chun a n-acmhainneachtaí T&N a mhéadú agus chun spriocanna beartais an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na moltaí ón gCúirt a chur san áireamh agus bearta reatha á gcur chun feidhme acu agus bearta á gceapadh acu amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs na meastóireachta eatramhaí ar Fhís Eorpach, agus i gcomhthéacs ullmhú an chéad Chláir Réime T&N eile; MOLANN SÍ don Choimisiún obair a dhéanamh chun rialacha a ailíniú a thuilleadh idir na cláir réime T&N agus cistí an bheartais comhtháthaithe i bhfianaise na chéad pheirspictíochta airgeadais eile; MOLANN SÍ go ndéanfaí an fhaisnéis atá ann cheana maidir le, *inter alia*, deiseanna sineirge, dea-shamplaí, treoirlínte agus coinníollacha creata dhlíthiúil a chuachadh agus a fhoilsiú ar bhealach iomchuí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

---